

## **Cruinniú 12: 24<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair 2022, Caifé Óige Boomerang**

Thug James Boyle, Bainisteoir Réigiúnach GFT, cur i láthair cuimsitheach do bhaill ar an obair atá idir lámha ag an GFT i nDroichead Átha agus a gcuid pleananna don bhaile mhór agus don réigiún i gcoitinne.

Moladh BOOLM as a n-iarratas rathúil ar Ionad Oiliúna Barr Feabhais Printíseachta nua a bhfuil siad ag dúil go n-osclófar é do phrintísigh i Márta 2023 agus ina gcuirfear oiliúint ar suas le 400 printíseach sa bhliain.

Cuireadh fáilte roimh an bhfógairt a rinneadh le déanaí go bhfaighidh dhá thionscadal atá lonnaithe i nDroichead Átha maoiniú dar suim iomlán €250,000 tríd an gCiste Nuálaíochta Sábháilteacht Phobail. Fuair Foróige maoiniú le haghaidh clár foghlama comhroghnaí do dhaoine óga dar aois 13-16 bli; agus d'éirigh le Tionscadal *Red Door* lena dtionscadal chun naisc phríosúin a dhéanamh, ag tacú le daoine a bhfuil deacrachtaí andúile acu atá ag teacht amach as córas na bpríosún chun leanúint dá n-athshlánú agus atreorú ó ghníomhaíocht choiriúil.

Cuireadh fáilte fosta roimh neartú an aonaid Póilíneacht Phobail ina bhfuil 2 sháirsint agus 14 Garda. Tá patróil choise bhreise ar siúl ag an nGarda Síochána i lár an bhaile i nDroichead Átha le roinnt seachtainí anuas.

Bhí cruinniú ag an ngrúpa Maoirseachta Ardleibhéil ar 10<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair agus pléadh roinnt gníomhartha atá sa Phlean.

Tá Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil an Oirthuaiscirt ag forbairt dhá mholadh le cur faoi bhráid an FSS le haghaidh mórscéim phíolótach Rannpháirtíocht Imeagla agus Foréigin a Bhaineann le Drugaí (DRIVE) don réigiún, lonnaithe i nDroichead Átha; agus macasamhlú múnla Diagnóis Dhéach Phobail a eagraíodh ar bhonn píolótach sa chuid Thoir Thuaidh de Lár Bhaile Átha Cliath.

Tá an foghrúpa Tacaíocht Teaghlaigh, Páistí, Daoine Óga agus Oideachais ag leanúint d'athbhreithniú bearnaí sa soláthar comhairleoireachta agus meabhairshláinte do pháistí agus do dhaoine óga. Cuireadh fáilte roimh cheapadh Oifigeach chun Cosc ar Fhéinmharú i Lú ag an FSS.

Tugadh suntas d'acmhainní breise a tugadh do Chosaint agus Leas Páistí, lena n-áirítear 'Foireann Chuidithe Teaghlaigh' nua a eagrófar ar bhonn píolótach i nDroichead Átha agus a bhfuil earcú foirne ina leith beagnach críochnaithe.

Pléadh miondearadh ailtireachta le haghaidh ionad pobail nua ag Cuibhreannas Mhuine Mhór a seoladh le déanaí in Ionad Ealaín Dhroichead Átha, le cois sheoladh Phlean Straitéiseach 2023-2026 Ionad Acmhainní Teaghlaigh *Connect*, i gcomhthéacs fógairt Ciste nua Ionaid Phobail ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.